



GO hACHOMAIR

DOICIMÉAD CLÁRSCEIDEALAITHE AONAIR 2022 - 2024

AE SÁBHÁILTE AGUS INBHUANAITHE DO SHAORÁNAIGH IN AM AN ATHRAITHE

Tá an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsean Ceirde (ÚEÁPC) i gcroílár na maoirseachta ar árachais agus pinsin san Eoraip. Trína chuid oibre cuireann an ÚEÁPC le maoirseacht fhóna, éifeachtach agus chomhsheasmhach san Eoraip agus cosnaíonn sé sealbhóirí agus tairbhíthe polasaithe agus árachais, agus bail na scéime pinsin.

Leagann an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2022-2024 amach straitéis agus clár oibre an ÚEÁPC do na blianta amach romhainn agus tá an Clár Oibre Bliantúil do 2022 san áireamh ann.

Leanfaidh an phaindéim COVID-19, an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus clár oibre iomlán na hEorpa de thionchar a imirt ar chlár oibre an ÚEÁPC. Faoin dá chuspóir arb iad cosaint tomhaltóra a chinntiú agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint, leanfaidh an ÚEÁPC ag tacú leis an téarnamh agus ag tógáil ar aistrithe glasa agus digiteacha.

Trína chuid oibre, tabharfaidh an ÚEÁPC aghaidh ar na dúshláin is práinní a théann i bhfeidhm ar an tsochaí, ar na hearnálacha árachais agus pinsin, agus ar mhaoirseoirí. Ina measc seo tá athrú aeráide, cibear-riosca agus digitiú, chomh maith le aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cosanta.

Oibreoidh an ÚEÁPC le réimse geallsealbhóirí chun a chinntiú gur féidir leis na hearnálacha árachais agus pinsin ról riachtanach a chomhlíonadh chun tacú le téarnamh láidir inbhuanaithe san Eoraip, chun leasa saoránach, gnó agus an gheilleagair.

RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA STRAITÉISEACHA



Breithníthe airgeadais inbhuanaithe a chomhtháthú ar fud gach réimse oibre



Tacú leis an margadh agus leis an bpobal maoirseachta tríd an gclaochlú digiteach



Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na maoirseachta



Beartas stuamachta agus iompair ghnó atá fóna ón taobh teicniúil de a chinntiú



Rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a aithint, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh orthu agus beartais choisctheacha agus gníomhaíochtaí maolaitheacha a



Dea-rialachas, eagrú lúfar, bainistíocht acmhainní atá éifeachtach ó thaobh costais de agus cultúr láidir corparáideach a chinntiú



BREITHNITHE AIRGEADAIS INBHUANAITHE A CHOMHTHÁTHÚ AR FUD GACH RÉIMSE DÁR gCUID OIBRE

Tá sé mar aidhm ag obair an **ÚEÁPC** ar airgeadas inbhuanaithe a chinntiú go gcomhcheanglaíonn (ath)árachóirí agus cistí pinsin cheirde rioscaí inbhuanaitheachta ina mbainistíocht riosca agus go gcuireann siad le sochaí inbhuanaithe trína gcuid infheistíochtaí, táirgí agus seirbhísí ag an am céanna. Is féidir leis na hearnálacha árachais agus pinsin ról tábhachtach a ghlacadh i maolú agus oiriúnú don athrú aeráide.

Ba cheart go n-éascódh sé seo soláthar réitigh árachais agus pinsin inbhuanaithe arb acmhainn do shaoránaigh an AE a cheannach.

PRÍOMHRÉIMSI GNÍOMHAÍOCHTA

- › Rioscaí CSR a chomhtháthú i gcreat stuamachta árachóirí agus cistí pinsin
- › An measúnú riosca macra/micreastuamachta ar rioscaí CSR a chomhdhlúthú
- › Nochtadh maidir le hinbhuanaitheacht agus creatlach iompar gnó inbhuanaithe a chur chun cinn
- › Tacú le maoirseacht ar rioscaí CSR agus le teacht le chéile maoirseachta san AE
- › Tabhair aghaidh ar bhearnaí cosanta
- › An **ÚEÁPC** a chur chun cinn mar mhol le haghaidh samhaltú agus sonraí foinse oscailte
- › Teacht le chéile idirnáisiúnta a chur chun cinn





TACÚ LEIS AN MARGADH AGUS LEIS AN bPOBAL MAOIRSEACHTA TRÍ CHLAOCHLÚ DIGITEACH

In éineacht leis an gclaoclú digiteach gasta atá á luasghéarú ag COVID-19, tá sé tábhachtach creat rialála fóna a bheith i bhfeidhm in éineacht le maoirseacht chúí.


Forbróidh an **ÚEÁPC** straitéis fhoriomlán maidir le claoclú digiteach. Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí a chuimsítear sa straitéis seo: comhairle a chur ar fáil maidir le conas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna faoi “an ghníomhaíocht céanna, an riosca céanna, na rialacha céanna”, tacú le spás coiteann do shonraí airgeadais a bhunú, agus obair ar an mbealach is fearr le hintleacht shaorga (IS) a chur i bhfeidhm i gcúrsaí airgeadais.

PRÍOMHRÉIMSI GNÍOMHAÍOCHTA

- › Na Caighdeáin Theicniúla Rialála agus Feidhmithe a sheachadadh a bhaineann leis an acht nua um athléimneacht dhigiteach oibríochtúil (DORA)
- › Leanúint leis an straitéis fhrithgheallta cibir a chur i bhfeidhm
- › Leanúint ag cur na straitéise sonraí i bhfeidhm lena n-áirítear cur le straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le sonraí maoirseachta, agus gníomhaíochtaí SupTech a fhorbairt
- › Measúnú breise a dhéanamh ar dheiseanna agus ar dhúshláin maidir le húsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha (mar DLT/Blockchain) agus Intleacht Shaorga, lena n-áirítear teacht chun cinn na dtionscnamh féideartha um Árachas Oscailte/Airgeadas Oscailte.



TUILLEADH EOLAIS



Breathnaíonn straitéis an **ÚEÁPC** um fhrithgheallúint cibir ar an obair atá déanta go dtí seo agus tugann sí breacchuntas ar an mbealach chun tosaigh atá beartaithe.

> [Léigh tuilleadh](#)



CÁILÍOCHT AGUS ÉIFEACHTAcht MAOIRSEACHTA A FHEABHSÚ


Ba cheart an chosaint céanna a bheith ag sealbhóirí agus tairbhíthe polasaithe cibé áit a gcónaíonn siad san Eoraip. Tá maoirseacht chomhsheasmhach den scoth riachtanach chun é seo a bhaint amach agus is uirlis ríthábhachtach í chun cobhsaíocht agus sábháilteacht na n-earnálacha árachais agus pinsin cheirde ar aon a chosaint. Oibreoidh an ÚEÁPC ar shaincheistanna a bhaineann le maoirseacht náisiúnta, maoirseacht ar sheoladh gnó agus le sonraí maoirseachta.

PRÍOMHRÉIMSI GNÍOMHAÍOCHTA

- › Beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna tosaíochta iompair, mar shampla maidir le luach ar airgead i margadh na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe
- › Tuairisciú ar threochtaí tomhaltóirí, glanfeidhmíocht agus táillí ar tháirgí fadtéarmacha miondíola agus pinsin
- › Sainaitint agus tuairisciú a dhéanamh ar Thosaíochtaí Maoirseachta Straitéiseacha ar fud an Aontais i gcomhar le hÚdarás Inniúla Náisiúnta
- › Athbhreithnithe píaraí a dhéanamh ar sheachfhoinníú, ar mhaoirseacht agus ar rialachas táirgí
- › Teacht le chéile maoirseachta a fheabhsú trí thionscnaimh rúnsiopadóireachta a chomhordú, trí ardáin chomhair agus trí oiliúint thiomnaithe agus tionscadail tacaíochta struchtúrtha d'údarás náisiúnta leis an AS UM ATHCHÓIRIÚ
- › Na tascanna a bhaineann le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (PEPP) a chur i bhfeidhm



MAGGIORI INFORMAZIONI



Cuireann an ÚEÁPC béim ar a chur chuige straitéiseach i leith creata chuimsithigh choiscstigh riosca-bhunaithe chun maoirseacht ar iompar gnó a dhéanamh ar fud na hEorpa.

> [Léigh tuilleadh](#)



BEARTAS STUAMACHTA AGUS IOMPAIR GHNÓ ATÁ FÓNTA ÓN TAOBH TEICNIÚIL DE A CHINNTIÚ

Is cuid riachtanach de chóras airgeadais a oibríonn do dhaoine agus do ghnólachtaí é beartas fóna.

I réimse an bheartais stuamachta, leanfaidh an ÚEÁPC de bheith chun tosaigh maidir le forbairt maoirseachta ardchaighdeán, éifeachtach agus comhsheasmhach ar fud an AE.

I réimse an bheartais um iompar gnó, leanfaidh an ÚEÁPC lena chuid oibre chun creat cosanta tomhaltóirí níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a chruthú agus cuirfidh sé a chur i bhfeidhm praiticiúil cóineasaithe chun cinn.

PRÍOMHRÉIMSI GNÍOMHAÍOCHTA

- › Cosaint tomhaltóirí a threisiú trí fheabhsuithe spriocdhírithí ar chreat na Treorach um Dháileadh Árachais agus na dTáirgí Infheistíochta Miondíola Pacáistithe agus na dTáirgí Infheistíochta atá Árachasbhunaithe
- › Tacú le cur i bhfeidhm cóineasaithe, comhsheasmhach na Treorach Sócmhainneachta II agus forbairt a dhéanamh ar an obair rialála a theastaíonn mar obair leantach ar athbhreithniú ar Shócmhainneacht II
- › Comhairle a fhorbairt ar an athbhreithniú sceidealta ar an Treoir maidir leis an Institiúid um Chóir ar Scor Ceirde II (IORP), a bheith réidh le haghaidh oibre leantaithe ar bith ar chlár agus córas rianaithe pinsin
- › Leanúint den chomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí ar ghnóthaí tras-earnálacha chun comhsheasmhacht na gcaighdeán agus na gcleachtas maoirseachta a chinntiú
- › Comhordú a dhéanamh ar sheasamh na hEorpa agus cur le comhchaighdeán caipiteal árachais a chur i bhfeidhm, teacht le chéile na gcaighdeán maoirseachta idirnáisiúnta agus muinín agus tuiscint a chothú le tríú tíortha



RIOSCAÍ DO CHOBHSAÍOCHT AIRGEADAIS AGUS IOMPAR GNÓ A AITHINT, A MHEAS, MONATÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH ORTHU AGUS BEARTAIS CHOISCTHEACHA AGUS GNÍOMHARTHA MAOLAITHEACHA A CHUR CHUN CINN

Is bearta riachtanacha iad rioscaí a aithint agus a chur in iúl go luath, agus bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm go tráthúil chun a chinntiú go bhfanfaidh na hearnálacha árachais agus pinsean gairme seasmhach, go háirithe sa timpeallacht iar-COVID 19.

Leanfaidh an ÚEÁPC de mhonatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, rioscaí féideartha agus leochaileachtaí ar an leibhéal macrastuamachta, dá n-aithint agus de thuirisciú orthu. Ag an am céanna, leanfaidh sé d'athscagadh a dhéanamh ar a uirlisí agus a chreataí anailíseacha mar aon le bunús láidir staidrimh agus fócas níos fearr ar anailís chothrománach ar rioscaí ar fud na hearnála.

PRÍOMHRÉIMSI GNÍOMHAÍOCHTA

- › Anailís agus measúnú riosca tráthúil agus cruinn ar chobhsaíocht airgeadais a sholáthar agus measúnú ar chibear-riosca a chur san áireamh i gcreat an chlár rioscaí reatha
- › Tástáil struis a dhéanamh ar phinsin cheirde
- › Staitisticí árachais agus pinsin a fhoilsiú go rialta



RIALACHAS MAITH, EAGRÚ LÚFAR, BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ ATÁ ÉIFEACHTACH Ó THAOBH CHOSTAIS DE AGUS CULTÚR CORPARÁIDEACH LÁIDIR A CHINNTIÚ



Leanfaidh an ÚEÁPC air ag cinntiú trédhearcachta agus cuntasachta ina socruithe rialachais agus i gcaidrimh le páirtithe leasmhara de réir mar a threisióinn sé a sheasamh mar údarás maoirseachta láidir inchreidte agus de réir mar a chothaíonn sé timpeallacht oibre ilchineálach uilechuimsitheach.